Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10922 – INTERPARKING SERVIZI / GKSD / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 390/06)

1. An 3 Deireadh Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Interparking Servizi S.r.l. ("Interparking", an Iodáil), faoi rialú Ageas Group,

— GKSD S.r.l., ("GKSD", an Iodáil), faoi rialú GK Group.

Gheobhaidh Interparking agus GKSD rialú comhpháirteach ar chomhfhiontar nuachruthaithe (an "JV") de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Interparking gníomhach i mbainistiú carrchlós táille san Iodáil,

— Cuireann GKSD seirbhísí bainistíochta tionscadail agus comhairliúcháin ar fáil thar réimse earnálacha, lena n-áirítear cúram sláinte, tógáil, monatóireacht, comhairle, measúnú árachais agus comhairle dlí agus cánach. Is san Iodáil amháin atá GKSD gníomhach faoi láthair.

3. Is iad na gníomhaíochtaí seo a leanas a bheidh i ngníomhaíochtaí gnó an JV nuabhunaithe: déanfaidh an JV bainistiú ar charrchlós a tógadh le déanaí agus bainfidh sé leas as an gcarrchlós sin atá lonnaithe i gceantar Milano agus atá faoi úinéireacht Policlinico San Donato S.p.A. ("PSD").

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10922 – INTERPARKING SERVIZI / GKSD / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË